Litearthacht Disiplín
Seimineár Greasáin 7

Sos an seimineár gréasáin do gach tasc

Tasc 1 @ 23.36

Tasc 2 @ 28.20

Tasc 3 @ 43.06

Tasc 1: Réimse Téacsanna

Is é cuspóir na gníomhaíochta seo ná iniúchadh ar leith a dhéanamh ar théacsanna traidisiúnta, mar a tá taithí againn orthu, ár dtuiscint ar céard is téacs ann a leathnú amach agus féachaint ar théacsanna ó thaobh disciplíní eile de.

D'fhéadfadh roinnt théacsanna a bheith bainteach le níos mó ná disciplín amháin.

Agus dhá théacs nó níos mó in úsáid acu, féadann daltaí seasamh criticiúil i dtaobh téacsanna a fhorbairt, faoi mar a fhiosraíonn siad údair théacsanna agus a gcur i láthair, ar mhaithe le claontacht fhéideartha a aithint. Dhéanfaidís machnamh ar cá háit agus cá huair a cruthaíodh an téacs agus mar sin, is féidir leo brath ar bhailíocht na bhfoinsí eolais.

Réimse Téacsanna		
Íomhá/ Pictiúr Scór Léarscáil Tuairisc Filíocht Graif Tuairisc nuachta Alt nuachtáin Rannta Leabhair phictiúir Script Foghair thimpeallachta	Athinsint Barrachairt Insint Picteagraf Agallamh Amhrán Léaráid Venn Dealbhóireacht Snagcheol Fógra Dialann	Grianghraif Port/Ríl/Válsáil Cairt Treoir Ceoldráma Míniú Podchraoladh Rince Amlíne Béaloideas (Dír)B(h)eathaisnéis Dráma/Scannán Téacs Gnásúil

Tasc 1

Féach ar an tábla thuas.

Roghnaigh 3 shaghas téacs a d'fhéadfadh cleachtóirí Staire, Tíreolaíochta, Eolaíochta, Ceoil, Ealaíne nó Drámaíochta leas a bhaint astu.

Cuir leis an tábla thíos iad.

D'fhéadfadh go n-oirfeadh roinnt théacsanna do níos mó ná disciplín amháin.

	Réimse Téacsanna	
Stair	**Tíreolaíocht**	**Eolaíocht**
Ceol	**Ealaín**	**Drámaíocht**

Tasc 2: Léitheoireacht, Scríbhneoireacht agus Smaointeoireacht thar na disciplíní.

Nuair a léann eolaithe ….	Nuair a scríobhann eolaithe …	Nuair a smaoiníonn eolaithe ….
• Fiosraíonn siad "cén fáth" seachas "cad é" • Baineann siad ciall as sonraí, cairteacha agus léaráidí • Cuireann siad chucu féin coincheap agus focail a thuiscint • Cinntíonn siad bailíocht agus fiúntas foinsí • Bíonn siad ag faire ar mhionshonraí	• Úsáideann siad stór focal beacht • Bíonn frásaí, pointí urchair agus léaráidí in úsáid acu ina gcuid cumadóireachta • Úsáideann siad guth neamhchlaonta • Is fearr leo an cruinneas seachas an cheird nó an gréastacht • Baineann siad leas as foirm chórasach agus iad i mbun cumarsáide	• Tarraingíonn siad ar fhiosracht chun ceisteanna a ghiniúint • Cuireann siad hipitéis nó fianaise faoi chaibidil • Tairiscíonn siad sainmhínithe • Cruthaíonn siad réitigh

Samplaí de na téacsanna gur féidir leat úsáid san Eolaíocht

Altanna, léaráidí, téacsanna gnásúla, irisleabhair eolaíoch & tuairiscí

Tasc 2

Roghnaigh disciplín amháin- eolaíocht, tíreolaíocht, ealaín, ceol nó drámaíocht.

Cuir scileanna litearthachta a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil don léitheoireacht, don scríbhneoireacht agus don smaointeoireacht leis agus smaoinigh mar chleachtóir an disciplín sin.

Slite chun léitheoireachta	Slite chun scríbhneoireachta	Slite chun smaointeoireachta

Tasc 3

Tóg cúpla nóiméad chun machnamh a dhéanamh ar an gcur chuige seo.

Smaoinigh ar na téamaí/topaicí atá ar siúl agat sa stair, tíreolaíocht, ealaín agus eolaíocht faoi láthair.

Smaoinigh ar scileanna an ábhair agus na torthaí foghlama litearthachta a ghabhann leo.

Déan liosta de na tearmaí sainiúla a bheidh ag teastáil chomh maith leis na téascanna a d'fheadfái a úsáid chun an topaic seo a iniúchadh.

Is féidir an tábla ar lch 5 a úsáid chun cabhrú leat



Cén ábhar nó topaic a spreagfadh na daltaí i mo chomhthéacs féin?	
Cad iad na scileanna atá de dhíth chun léamh, scríobh agus smaoineamh san ábhar seo?	
Cad iad na scileanna litearthachta nó na torthaí foghlama a d'fhéadfaí a nascadh leis an réimse seo?	
Cad iad na téacsanna gur féidir a úsáid? Ná déan dearmad ar na téacsanna eagsula atá sa tábla ar lth 1.	
Cén foclóir a thacóidh le foghlaim na ndaltaí?	

Áiseanna

Tá gach áis atá luaite thíos le fáil ar https://padlet.com/nicolacorcoran/LD agus ar an gcód QR seo;

Teideal na háise agus foinse	Cur síos
Dialann Anne Frank 	Aistriúchán ar dhialann cháiliúil Anne Frank agus a heispéiris le linn an Dara Cogadh Domhanda.
Is Eolaí mé cúla 4	Sraith eolaíochta shiamsúil a thugann léargas taitneamhach, físiúil agus greannmhar ar an eolaíocht agus ar an timpeallacht. I ngach eagrán fiosraítear téama eolaíochta, ag tarraingt ar Churaclam Náisiúnta na Bunscoile, ar shlí spreagúil agus nuálach.
Eipic! 	Irisleabhar Gaeilge do Dhaltaí. Oiriúnach d'ardranganna bunscoile
E-bulletin 10 	Seo a leanas bileog leide ina leagtar amach samplaí de mhoirféimí, de réimíreanna agus d'iarmhíreanna.
Met Éireann MET éireann	Is é Met Éireann guth údarásach an stáit maidir le gach ábhar meitéareolaíochta. Tá sé tábhachtach go nglacann Met Éireann leis an stát trí réamhaisnéisí aimsire, rabhaidh a sholáthar chomh maith le seirbhísí aeráide. Bealach amháin chun cuidiú leis seo ná ábhar oideachais a sholáthar maidir le téamaí a bhaineann le haimsir trí Thairseach Oideachais.
Beatha le bua cea	Is sraith de bheathaisnéisí gairide ar dhaoine cáiliúla an domhain í seo ina bhfuil béim ar leith ar laochra na hÉireann. Scríobhadh iad le daltaí a spreagadh le bheith ag léamh go neamhspleách. Tá breis agus 80

	leabhrán sa tsraith anois chomh maith le roinnt leabhair labhartha agus leabhair shaothair.
An tEolaí óg 	Spreagfaidh an tsraith spéisúil seo eolaithe óga sa bhaile tríd an réimse leathan imeachtaí agus turgnaimh atá le fáil ann. Ceithre leabhar ar an iomlán atá sa tsraith seo, a bhreathnaíonn ar an eolaíocht i mbealaí éagsúla. Leabhar suimúil agus spraíúil d'aon ábhar eolaí!
Féach thart 	Tá téacs simplí iontu mar aon le pictiúir dheasa, neart ceisteanna, crosfhocail, focalchuardaigh agus go leor cleachtaí eile ag gabháil le gach caibidil a dhíreoidh aird an pháiste ar a dtimpeallacht agus ar an dúlra.
An leabhair mór neamhfhiscin 	Sa leabhar seo tá rogha fíorspéisiúil de théacsanna maisithe neamhfhicsin le roinnt leis na páistí sa seomra ranga. Tá cuid acu bunaithe ar théama ar leith
'Mar a Dhéantar an Mhil' Na Beacha Meala 	Tá seacht gcaibidil sa téacs seo, ina ndéantar staidéar ar an aistear a dhéanann beach chun mil bhlasta, shláintiúil a dhéanamh. Tá an PDF ar fáil ó Fhoras na Gaeilge, agus anuas air sin, tá cluiche a ghabhann leis le fáil ar www.seideansi.ie.
Tireolaíocht don ré nua 	Leabhar a dhíríonn ar fhorbairt choincheap na feasachta tíreolaíochta sa tSraith Shóisearach.
Seachain 	Sraith nua bhríomhar a chaitheann súil ar imeachtaí móra sa stair, trí shúile páiste a shamhlaíonn é féin ag imeacht siar san am le bheith páirteach in eachtraí móra stairiúla. Tá na leabhair seo greannmhar!
Padlet CLIL	Ar an nasc seo, tá go leor áiseanna ar fáil atá oiriúnach chun Litearthacht Disciplín a fhiosrú. Ó Thíreolaíocht le Féach Thart go hAmhránaíocht le TG

	Lurgan, tá rud éigin ann do gach uile duine. Tá na háiseanna seo eagraithe de réir ábhair.
Bleaist eolaíochta	Clár neamh-iomaíoch oideachasúil do bunscoileanna, ina mbíonn an rang iomlán ag fiosrú na heolaíochta taobh thiar de cheist shimplí agus ina gcuirtear toradh a gcuid oibre ar taispeáint ag imeacht náisiúnta.